V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11036 – EP POWER EUROPE / CAMDEN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 82/03)

1. An 23 Feabhra 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EP Power Europe, a.s. ("EPPE", an tSeicia), faoi úinéireacht an grúpa EPH (an tSeicia), faoi rialú an Uasail Daniel Křetínský,

— Camden B.V. ("Camden", an Ísiltír).

Gheobhaidh EPPE rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Camden ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EPPE faoi úinéireacht an ghrúpa EPH, grúpa ar fóntas fuinnimh é atá comhtháite go hingearach agus a dhéanann roinnt gníomhaíochtaí lena n-áirítear mianadóireacht ligníte, táirgeadh, dáileadh agus soláthar leictreachais agus teasa, chomh maith le tarchur, dáileadh, stóráil agus soláthar gáis,

— Tá Camden gníomhach san Ísiltír i nginiúint agus i soláthar mórdhíola leictreachais, i soláthar seirbhísí cothromúcháin agus coimhdeacha áirithe, i dtrádáil leictreachais airgeadais agus i dtrádáil gáis ar mhol. Tá leas ag Camden in dhá stáisiún cumhachta gástuirbín comh-thimthrialla gásadhainte i Rotterdam, is é sin leas 100 % i stáisiún cumhachta MaasStroom agus leas 50 % i stáisiún cumhachta Enecogen.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11036 – EP POWER EUROPE / CAMDEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË